Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2021**
**(OR. en, sv)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0210(COD)**

**9366/21**
**ADD 2**

**CODEC 809**
**PECHE 177**
**CADREFIN 273**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 **(an chéad léamh)**<br>- An seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus ráiteas faoi na cúiseanna ón gComhairle a ghlacadh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón Liotuáin**

Tacaíonn an Liotuáin le haidhm ghinearálta an Chiste Eorpaigh Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe do 2021-2027 tacaíocht a thabhairt chun iascaigh agus dobharshaothraithe inbhuanaithe a bhaint amach, pobail áitiúla chósta a fhorbairt, geilleagar gorm inbhuanaithe a chur chun cinn, beartas muirí an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme i dtreo farraigí agus aigéin a bhainistítear go sábháilte agus go hinbhuanaithe, agus le haghaidh rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan.

Measann an Liotuáin gurb é an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe don tréimhse 2021-2027 an phríomhuirlis chun spriocanna Chomhbheartas Iascaigh an Aontais a chur chun feidhme go rathúil.

I ndáil leis sin, is oth leis an Liotuáin nach léirítear go cuí le forálacha áirithe den rialachán staid chriticiúil leanúnach Iascach Mhuir Bhailt, dálaí iascaireachta ná riachtanais na gcabhlach lena mbaineann.

Sa chomhaontú polaitiúil ar thángthas air idir na comhreachtóirí an 4 Nollaig 2020, níor tugadh aghaidh ar ár n-imní maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na mbeart tacaíochta cabhlaigh do shoithí atá ag oibriú i Muir Bhailt agus ní chuirtear na huirlisí riachtanacha ar fáil leis chun acmhainn iascaireachta ár gcabhlach a oiriúnú do dheiseanna iascaireachta agus chun an cabhlach atá fós i Muir Bhailt a choinneáil inmharthana agus gníomhach.

Dá bhrí sin, ní féidir leis an Liotuáin tacú le glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an 'Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle' agus staonann sí ón vótáil.

**Ráiteas ón tSualainn**

Déantar foráil sa togra maidir leis an bhféidearthacht tacú le méadú na hacmhainne iascaireachta agus méadú mór ar an sciar de bhuiséad an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú is féidir a úsáid le haghaidh bearta a bhaineann le hacmhainn iascaireachta. Níl coinníollacha leordhóthanacha sa togra chun ró-acmhainn a chosc, rud a d'fhéadfadh ró-iascaireacht a bheith mar thoradh air. Dá bhrí sin, tá an togra ag teacht salach ar chuspóirí Chomhbheartas Iascaigh an Aontais maidir leis an aistriú chuig iascach inbhuanaithe agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais i gcomhthéacs Chlár Oibre 2030. Dá bhrí sin, tá an tSualainn ag vótáil in aghaidh an Togra.

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Ghlac an Coimisiún le hincháilitheacht na n-infheistíochtaí ar bord a bhaineann le rialú agus forfheidhmiú iascaigh, bídís sainordaitheach nó bídís, agus sin le haghaidh shoithí iascaireachta uile an Aontais. Measann an Coimisiún go gcuirfidh na hinfheistíochtaí sin ar a gcumas do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na hacmhainní airgeadais atá ar fáil in CEMID le haghaidh rialú agus forfheidhmiú, chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán um Rialú agus faoi rialacha eile de chuid an Chomhbheartais Iascaigh a chomhlíonadh agus chun feabhas suntasach a chur ar an gcultúr comhlíontachta in earnáil na hiascaireachta. Thairis sin, tá an Coimisiún ag súil – i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá ar siúl faoi láthair ar an Rialachán um Rialú – go dtacóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le nuachóiriú na n-uirlisí rialaithe atá ann cheana agus le húsáid teicneolaíochtaí nua mar a mhol an Coimisiún. Go háirithe, fágann sin gur gá réitigh chliste a thabhairt isteach chun soithí ar mhionscála a rianú agus tuairisciú gabhálacha a dhéanamh orthu, córais a shuiteáil chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar chumhacht innill, aistriú i dtreo córais inrianaitheachta lándigiteacha lena gcumhdaítear gach cineál táirge iascaigh (táirgí úra, reoite agus próiseáilte), agus córais chianfhaireacháin leictreonacha shainordaitheacha a thabhairt isteach ar bord soithí iascaireachta agus iad bunaithe ar mheasúnú riosca, toisc gurb iad na córais sin an t-aon bhealach éifeachtach atá ann chun rialú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír agus ar fhoghabhháil agus aischur speiceas íogair.

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Tugann an Coimisiún dá aire na deacrachtaí a bhí ann go dtí seo maidir le státchabhair a dheonú chun na cabhlaigh sna réigiúin is forimeallaí a athnuachan. D'fhonn na réigiúin sin a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, féachfaidh an Coimisiún le cúnamh a thabhairt do na Ballstáit feabhas a chur ar bhailiú na sonraí eolaíocha is gá chun an incháilitheacht a leagtar amach sna treoirlínte maidir le Státchabhair a chomhlíonadh d'fhonn cur i bhfeidhm na dtreoirlínte a éascú, ar treoirlínte iad a bhaineann le scrúdú a dhéanamh ar Státchabhair san earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe sna Réigiúin is Forimeallaí.

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhthéacs an bhirt clársceidealaithe le haghaidh CEMID 2021-2027, na Ballstáit a spreagadh go gníomhach chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na bearta a áirítear ina gcláir, go háirithe faoi Airteagal 25 (cosaint na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras), chun an aidhm fhoriomlán a bhaint amach maidir le cailliúint na bithéagsúlachta a chomhrac, le héiceachórais a chosaint agus a athbhunú agus le dea-bhail na n-éiceachóras a choinneáil ar bun trí chaiteachas bliantúil a chur ar fáil faoi CAI mar a leanas: 7.5 % de chaiteachas bliantúil faoi CAI le haghaidh cuspóirí bithéagsúlachta in 2024, agus 10 % de chaiteachas bliantúil faoi CAI le haghaidh cuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027. Déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar leibhéal an chaiteachais sin ar bhonn an chaiteachais incháilithe iomláin a dhearbhóidh na tairbhithe don údarás bainistíochta agus ar bhonn na sonraí a chuirfidh an Ballstát isteach. I gcás ina léiríonn an faireachán a dhéanfar nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta chun an aidhm fhoriomlán a bhaint amach, rachaidh an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach leis na Ballstáit ag an gcruinniú athbhreithnithe bliantúil chun bearta feabhais a ghlacadh, lena n-áirítear leasú ar chlár.